Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Ag Fanacht Beo
## Modúl 1

## Ardsraith

**[GSC12]**

GSC12

**DÉ MÁIRT 9 SAMHAIN 2010, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

1 **(a)** Leis an tábla seo thíos a chomhlánú, ainmnigh an struchtúr sa chorp a dhéanann gach ceann de na feidhmeanna.

| Feidhm | Ainm an struchtúir |
|---|---|
| comhordaitheoir | |
| éifeachtóir | |
| gabhdóir | |

[3]

**(b)** Mínigh ina hiomláine cén dóigh a gcuidíonn gníomhú athfhillteach leat dó géar a sheachaint má leagann tú lámh ar rud te de thaisme.


______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an graf an ráta cuisle do bheirt dhaltaí 15 bliana d'aois, roimh dóibh aclaíocht a dhéanamh, le linn na haclaíochta agus ina diaidh. Bhí siad ag dul don aclaíocht idir 3–5 nóiméad.




**(i)** Cá mhéad nóiméad i ndiaidh di an aclaíocht a thosú ar shroich cuisle Cháit an bhuaicráta?

_________________ nóiméad [1]

**(ii)** Cé acu dalta (Cáit nó Conchúr) is gasta a tháinig chuige/chuici féin i ndiaidh na haclaíochta? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________

_____________________________________________________ [1]

**(iii)** Lean Cáit uirthi ag déanamh aclaíochta gach lá go ceann roinnt seachtainí ach d'éirigh Conchúr as aclaíocht. Cén éifeacht, dar leat, a bheadh aige seo ar na rátaí téarnaimh acu?

_______________________________________________________

_____________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Taispeánann an tsreabhchairt thíos cuid de na céimeanna leis na leibhéil ghlúcóis san fhuil a rialú.

1. Gnáthleibhéal glúcóis san fhuil
   ↓
2. Leibhéal ard glúcóis san fhuil
   ↓
3. Táirgtear hormón
   ↓
4. Gnáthleibhéal glúcóis san fhuil

**(a)** **(i)** Cad é a tharla, dar leat, idir céimeanna 1 agus 2 gur méadaíodh ar an leibhéal glúcóis i bhfuil an duine?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an hormón a táirgeadh i gcéim 3 agus cuir síos ar an dóigh a mbíonn sé ag feidhmiú leis na leibhéil ghlúcóis a laghdú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(b)** Tá líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas Cineál 2 orthu ag dul i méid.

**(i)** Luaigh **dhá** chúis leis seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh difear **amháin** idir diaibéiteas Cineál 1 agus diaibéiteas Cineál 2.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** **(i)** Tá tuismitheoir **X** heitrisigeach do shúile donna agus tá tuismitheoir **Y** homaisigeach do shúile gorma. Ag úsáid 'B' le seasamh don ailléil do shúile donna agus 'b' le seasamh don ailléil do shúile gorma, comhlánaigh an chearnóg Punnett seo thíos.

Tuismitheoir **X**

| | | |
|---|---|---|
| | B | |
| b | | |
| | | |

Tuismitheoir **Y**

[2]

**(ii)** An géinitíopa Bb, cén feinitíopa a thabharfaidh sé?

______________________________________________ [1]

**(iii)** Cén céatadán de na páistí is dócha a mbeidh an géinitíopa Bb acu?

______________________________________________ [1]

**(b)** Is féidir le dochtúirí anois mínormalachtaí géiniteacha a dhiagnóisiú i leanaí sula mbeirtear iad. Scagthástáil ghéiniteach a thugtar air seo. Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le scagthástáil ghéiniteach.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**4 (a)** Anseo thíos tá léaráid de thrasghearradh trí dhuilleog agus an céatadán de chlóraplaist i réigiúin dhifriúla na duilleoige.




| Réigiún den duilleog | An céatadán de chlóraplaist |
| --- | --- |
| 1 | 42 |
| 2 | 36 |
| 3 | 14 |
| 4 | 8 |

**(i)** Cuir scála ar an eangach thíos agus tarraing barrachairt de na torthaí seo.




[3]

**(ii)** Cuir síos ar an treocht atá á léiriú ag na torthaí seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(iii)** Mínigh ina iomláine an fáth leis an treocht seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________ [2]

**(b)** Scríobh an chothromóid focal do phróiseas na fótaisintéise anseo thíos. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Tá eolaithe i ndiaidh sicín conspóideach a phórú. Fásann an sicín seo go gasta agus níl aon chleití air mar a thaispeántar anseo thíos.



**(i)** I dtéarmaí riospráide, mínigh cad chuige a mbeadh níos mó bia in aghaidh an lae de dhíth ar an sicín a fhásann go gasta ná mar a bheadh de dhíth ar ghnáthshicín.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an phór seo d'fheirmeoirí sicíní.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh fáth nach mbeadh daoine áirithe sásta le hainmhithe den chineál seo a phórú.

______________________________________________ [1]

**(b)** Cuid de na plandaí a ithimid, táthar i ndiaidh a ngéinte a athrú. Ainmnigh an próiseas seo agus luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Taispeánann an léaráid thíos cuid de na céimeanna a bhain le fionnachtain structhúr DNA.




Ainmnigh an bheirt eolaithe a thóg ar fhionnachtain Franklin. Ainmnigh an próiseas a bhí in úsáid acu agus luaigh an rud a d’aimsigh siad faoi struchtúr DNA.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Tarraing fad gearr lipéadaithe de DNA lena thaispeáint cén dóigh a bhfuil na comhbhaill dhifriúla, na bunanna san áireamh, nasctha le chéile.

[3]

**(c)** Mínigh hipitéis an bhuntripléid.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.